Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann
agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann

Achoimre ar Phlean Póilíneachta Thuaisceart Éireann 2009 - 2012

Northern Ireland PolicingBoard



Réamhrá

Tá achoimre le fáil sa bhileog seo ar na tosaíochtaí póilíneachta a bheas ag Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) don tréimhse 2009-2012. Tá eolas níos mionsonraithe le fáil sa cháipéis iomlán, Plean Póilíneachta Thuaisceart Éireann 2009-2012. Déan teagmháil linn más rud é gur mhaith leat cóip a fháil.

Féadfaimid an bhileog seo a chur ar fáil i bhformáid Braille, i gcló mór, ar diosca agus ar clostéip, agus i mionteangacha do dhaoine nach bhfuil Béarla líofa acu. Más rud é gur mhaith leat an bhileog a fháil i gceann amháin de na formáidí sin, le do thoil scríobh chuig an seoladh seo a leanas:

Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann
Túr Thaobh an Uisce, 31 Bóthar Clarendon,
Duga Clarendon, Béal Feirste BT1 3BG

Tosaíochtaí Póilíneachta a shocrú

Faoi fhorálacha Police (Northern Ireland) Act 2000, táimid (An Bord Póilíneachta) freagrach as Plean Póilíneachta Thuaisceart Éireann a eisiúint gach bliain. Nuair a bhímid ag socrú na dtosaíochtaí póilíneachta, cuireann SPTÉ agus muidne an obair chomhairliúcháin atá déanta ag na Comhpháirtíochtaí Póilíneachta Ceantair (CPC) san áireamh.

Téann CPC i gcomhairle leis an phobal ina gceantar comhairle le tuairimí a fháil i dtaca leis an dóigh a bhfuil an ceantar á phóilíniú. Úsáideann siad réimse modhanna leis sin a dhéanamh, lena n-áirítear cruinnithe poiblí, fócasghrúpaí, agus suirbhéanna comhairliúcháin CPC. Déantar suirbhé comhairliúcháin CPC gach ré bliain. Cuireann SPTÉ agus muidne an t-eolas sin ar fad san áireamh agus na cuspóirí, na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna atá i bPlean Póilíneachta Thuaisceart Éireann á bhforbairt againn.

Nuair a bhímid ag socrú na dtosaíochtaí do Phlean Póilíneachta Thuaisceart Éireann téimid i gcomhairle le CPC agus cuirimid réimse leathan eolais san áireamh ar nós:

- Cuspóirí póilíneachta an Státrúnaí san fhadtréimhse;
- Saincheisteanna straitéiseacha SPTÉ agus Bhord Póilíneachta TÉ;
- Spriocanna de chuid an Phlean Náisiúnta Póilíneachta;
- Moltaí ón Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta;
- Feidhmíocht na Seirbhíse le déanaí; agus
- Tosaíochtaí póilíneachta arna sainaithint ag Grúpaí Tagartha an Bhoird um Rannpháirtíocht an Phobail.

Tosaíochtaí Póilíneachta a leagan síos

Shocraíomar cuspóirí, táscairí feidhmíochta agus spriocanna do SPTÉ a bhaint amach i bPlean Póilíneachta TÉ 2009-2012. Tá 4 chuspóir sa Phlean Phóilíneachta. Seo a leanas na cuspóirí sin:

- I gcomhpháirtíocht leis an phobal, pobail agus comharsanachtaí a dhéanamh sábháilte agus an chuma sin a bheith orthu;
- Muinín i SPTÉ a mhéadú, a leathnú agus a chothú;

- A chinntiú go bhfuil Póilíneacht i gcomhar leis an Phobal mar an phríomhsheirbhís a sholáthraíonn an tseirbhís póilíneachta; agus
- Éifeachtacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú;

Tá táscairí feidhmíochta agus spriocanna leagtha síos againn laistigh de na cuspóirí seo. Mar shampla, ba mhaith linn go ndéanfadh SPTÉ na nithe seo a leanas:

- Líon foriomlán na gcoireanna taifeadta a laghdú, go háirithe cóiriúlacht fhoréigneach, buirgléireacht tí agus damáiste coiriúil;
- Líon na n-eachtraí iompraíochta frithshóisialta a laghdú;
- Céatadán na ndaoine a deir go mothaíonn siad sábháilte a mhéadú;
- Leibhéal an mhuinín agus an tsásaimh a mhéadú i measc an phobail;
- Rátaí réitigh a mhéadú do gach coir go háirithe i gcás coireanna ciníocha, coireanna hómafóbacha, agus coireanna seicteacha;
- Na Caighdeáin Náisiúnta um Láimhseáil Glaonna a bhaint amach i dtaca le glaonna éigeandála agus neamhéigeandála a freagraíodh;
- Leibhéil tinnis a laghdú d'oifigigh phóilíní agus do bhaill foirne;
- Líon na ndaoine a maraíodh / gortaíodh go dona ar na bóithre a laghdú;
- Céatadán na gcásanna ionchúisimh a phróiseáiltear laistigh de theorainneacha ama riaracháin a mhéadú; agus
- Prionsabail a chur i bhfeidhm i dtaca le Póilíneacht i gcomhar leis an Phobal.

I rith na bliana, déanfaimid monatóireacht ar fheidhmíocht SPTÉ i gcomparáid leis na spriocanna sin. Déanfaimid é sin ag ár gcruinnithe poiblí agus foilseoimid na torthaí in eisiúintí nuachta agus inár dtuarascáil bhliantúil.

Ag Díol as an Phlean
£1.23 billiún is ea an buiséad iomlán atá ar fáil do SPTÉ leis an Phlean Phóilíneachta a chur i gcrích le linn na tréimhse 2009-2010.

Pleananna póilíneachta áitiúla
I ndiaidh dul i gcomhairle leis an CPC, eisíonn gach Ceannasaí Ceantair, plean póilíneachta áitiúil a leagann amach tosaíochtaí póilíneachta don cheantar ina bhfuil tú i do chónaí. Le níos mó eolais a fháil, le do thoil déan teagmháil leis na póilíní áitiúla nó le do CPC www.districtpolicing.com.

Tá sé tábhachtach a chuimhneamh go mbíonn tosaíochtaí póilíneachta sna pleananna póilíneachta agus ní dhéantar tagairt do na saincheisteanna ar fad a mbíonn na póilíní ag déileáil leo.

Faigh amach níos mó eolais
Le níos mó eolais a fháil faoinár gcuid oibre, tabhair cuairt ar ár láithreán Gréasáin le do thoil ag: www.nipolicingboard.org.uk.

Northern Ireland PolicingBoard

INVESTOR IN PEOPLE

Arna fhoilsiú ag Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann

Túr Thaobh an Uisce, 31 Bóthar Clarendon, Duga Clarendon, Béal Feirste, BT1 3BG.

Guthán: 028 9040 8500
Téacsfón: 028 9052 7668
Facs: 028 9040 8544
Ríomhphost: information@nipolicingboard.org.uk
An Gréasán: www.nipolicingboard.org.uk

Teideal na cáipéise:
Achoimre ar Phlean Póilíneachta 2009-2012
Dáta foilsithe: Márta 2009

Is féidir an cháipéis seo a chur ar fáil i bhformáidí agus i dteangacha eile ach iarratas a dhéanamh. Caithfear gach iarratas ar fhormáidí éagsúla a chur chuig Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

Formáid ar-líne:
Tá an cháipéis seo ar fáil i bhformáid PDF ónár láithreán Gréasáin

Séanadh:
Cé go ndearnadh gach iarracht lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá sa cháipéis seo cruinn beacht, ní bheidh Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann ná a chuid comhairleoirí faoi dhliteanas más rud é go bhfuil aon mhíchruinneas ann.

Dearadh: whitenoisestudios.com